2023.S74T

2023J220C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Oideachas Reiligiúnach

## Comhleibhéal

## Dé Céadaoin 7 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Lá agus Mí do Bhreithe** | Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla |
| **Stampa an Ionaid** | |

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn B | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn C | 120 marc | 5 cheist |

Freagair gach ceist.

Níl gach ceist ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh Roinn A, Roinn B agus Roinn C sa leabhrán. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Má scríobhann tú aon rud taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir é.

Ní mór duit an leabhrán scrúdaithe seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

## Roinn A 120 marc

**Ceist 1**

Léigh na tuairiscí thíos agus freagair an cheist ina dhiaidh.

Bhí an méid seo le rá ag bainisteoir peile le haíonna ag searmanas bronnta –




> Roghnaigh sibh an ball foirne seo mar 'imreoir an tséasúir' le bhur gcuid vótaí agus taispeánann sé sin go bhfaca sibh na cáilíochtaí atá aige mar pheileadóir. Mar sin féin, ba cheart aird a tharraingt freisin ar a cháilíochtaí mar dhuine. Roimh chluiche, ní bhíonn ach uair an chloig ag an bhfoireann chun iad féin a ullmhú ón am a sroichimid staid pheile. Ach tá am le haghaidh deasghnátha reiligiúnacha agus paidreacha mar chuid de phleananna an imreora seo do lá an chluiche …

Dúirt an seaimpín dornálaíochta Oilimpeach, Katie Taylor, le tuairisceoir –




> Uaireanta i gcomórtais, bhí amhras orm fúm féin nó bhí roinnt smaointe faiteacha agam agus is ag an am sin a iompaím chuig Dia agus na scrioptúir agus dírím ar a bhfuil le rá ag Dia …

Mínigh an chaoi ar féidir an tábhacht a bhaineann le creidimh reiligiúnacha i saol daoine a fheiceáil i n**gach** ceann de na tuairiscí thuas.

| **1.** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

**(a)**

| **A**<br>An Córán/Qur'an | **B**<br>An Tiomna Nua | **C**<br>An Tanakh/Tenakh |
|---|---|---|
| **D**<br>An Tipitaka/An Tripitaka | **E**<br>Na Véidí | |

Meaitseáil ceann **amháin** de na téacsanna diaga thuas leis an reiligiún is mó atá luaite leis ón liosta seo:



An Búdachas  An Chríostaíocht  An Hiondúchas  Ioslam  An Giúdachas

| Téacs Diaga<br>(Scríobh an litir thíos do théacs diaga **amháin** a thugtar thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(b)** Mínigh cúis amháin a bhfuil téacs ina théacs diaga do bhaill de cheann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, Ioslam nó An Giúdachas.



| |
|---|
| Reiligiún: |
| Téacs Diaga: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar shampla den chaoi a mbíonn ról ag téacs diaga i saol creidmheach i gceann **amháin** de na reiligiúin seo:

An Búdachas    An Chríostaíocht    An Hiondúchas    Ioslam    An Giúdachas

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Téacs Diaga: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

### Ceist 3

Is cosúil go bhfuil iontaoibh ag an bpáiste sa ghrianghraf thall as an duine fásta.

**(a)** Mol cúis **amháin** gur cosúil go bhfuil iontaoibh ag an bpáiste as an duine fásta sa ghrianghraf thall.



| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Mínigh cúis **amháin** a gceanglaítear iontaoibh le forbairt an chreidimh reiligiúnaigh i nduine.

**Ceist 4**

Déan cur síos ar shampla den chaoi ar féidir le creidimh dhuine athrú ag céimeanna éagsúla i bhforbairt an chreidimh reiligiúnaigh.



**Ceist 5** ● Teaghlach ● Cairde

Scrúdaigh an chaoi ar féidir le **gach** ceann díobh sin thuas dul i bhfeidhm ar chreideamh reiligiúnach duine.

| Teaghlach: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



| Cairde: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

## Roinn B — 120 marc

**Ceist 6**

Léigh an fógra thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*An bhfuil caitheamh aimsire nua ag teastáil uait?* *Glac páirt inár gcór!*

An maith leat — ..a bheith ag canadh? ..uirlis cheoil a sheinm? ..ábhar spéise a chomhroinnt le daoine eile? Más maith, buail isteach go dtí an halla áitiúil an Aoine bheag seo chun a fháil amach cad iad na cúiseanna a bhfuil daoine inár gcór cheana féin —

Ós rud é go mbím páirteach i gcór tugaim am le cleachtadh a dhéanamh dhá uair in aghaidh na seachtaine agus le bheith ag canadh ag na himeachtaí carthanachta áitiúla. Bíonn a lán oibre i gceist leis an ullmhúchán ach is fiú go mór é! Sam



Thug an cór deis dom cairde a dhéanamh agus bualadh le daoine as gach cúlra. Pat

Cuidíonn an canadh agus an bogadh le rithim an cheoil liom chun a bhfuil ar m'intinn a ghlanadh. Jo

Tugann an cór deis dom sos agus am a ghlacadh dom féin. Bím gnóthach beagnach gach lá le rudaí éagsúla, ach leis an gceol agus na smaointe a léirítear in amhráin bím in ann machnamh go domhain faoin saol. Val

**(a)** Ó do léamh ar an bhfógra thuas, luaigh cúis **amháin** a mbíonn daoine páirteach sa chór seo.

| |
|---|
| Cúis: |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair cúis **amháin** ar féidir cur síos a dhéanamh ar an gcór seo mar phobal.

| |
|---|
| Cúis: |
| |
| |
| |

**Ceist 7**

**(a)**



An Búdachas    An Chríostaíocht    An Hiondúchas    Ioslam    An Giúdachas

Ainmnigh pobal creidimh a bhaineann le ceann **amháin** de na reiligiúin thuas atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann.

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Pobal creidimh: |

**(b)** Is féidir le tuairimí faoi cad atá tábhachtach sa saol gníomhartha ball i bpobal creidimh a spreagadh.

Sa phictiúr thall tá mná as pobal creidimh ag tairiscint bia do dhaoine i bpáirc.



Tabhair sampla **eile** den chaoi a bhféadfadh luach amháin gníomhartha ball i bpobail creidimh a spreagadh.

| |
|---|
| Luach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Ainmnigh na cóid mhorálta is mó a bhaineann le **dhá** cheann de na reiligiúin ón liosta seo a leanas: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, Ioslam, nó An Giúdachas.

| |
|---|
| **1.** Reiligiún: |
| Cód Morálta: |
| |

| |
|---|
| **2.** Reiligiún: |
| Cód Morálta: |
| |

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar luach a léirítear i gcód morálta **amháin** a bhaineann le reiligiún ón liosta seo a leanas:



An Búdachas An Chríostaíocht An Hiondúchas Ioslam An Giúdachas

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Cód Morálta: |
| Luach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

An Búdachas An Chríostaíocht An Hiondúchas Ioslam An Giúdachas




Déan cur síos ar shampla den chaoi a ndearna creidmhigh i gceann de na reiligiúin thuas iarracht deacracht nó dúshlán a bhí acu a shárú maidir le maireachtáil de réir na luachanna a bhaineann lena reiligiún féin.

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Deacracht nó dúshlán: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**

Léigh an scéal thíos faoi eispéireas scoláire agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ba scoláire ciúin é Sam a d'oibrigh go crua agus a rinne iarracht réiteach le gach duine. Lá amháin, tháinig Sam ar ghrúpa scoláirí a bhí ag magadh faoi scoláire a bhí níos óige ná iad agus ag glaoch ainmneacha ar an scoláire sin. Smaoinigh Sam ar an gcaoi a bhféadfadh an scoláire óg mothú mar thoradh ar an drochiompar sin agus theastaigh uaidh a rá leis an ngrúpa, a bhí níos sine ná é, éirí as. Cé go raibh faitíos air faoi cad a tharlódh, chuaigh Sam sall go dtí an grúpa agus sheas sé in aice leis an scoláire óg. Bhí na scoláirí a bhí níos sine ná é ina dtost agus Sam ag míniú an chaoi nach dtaitneodh sé leo dá gcaithfí le duine acu féin ar an mbealach sin.




**(a)** Luaigh deacracht **amháin** a bhí roimh Sam sa chás a ndéantar cur síos air sa scéal thuas.

| |
|---|
| Deacracht: |
| |
| |
| |

**(b)** Ó do léamh ar an scéal thuas, mínigh cúis amháin ar shocraigh Sam labhairt amach ar son an scoláire óig sa chás sin.

**Ceist 10**



Céim amháin sa phróiseas a dtéann duine tríd agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoi cad atá ceart agus mícheart i gcás ar leith is ea machnamh ar thorthaí gníomhartha éagsúla.

Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist i gcéim **eile** den phróiseas a dtéann duine tríd agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoi cad atá ceart agus mícheart i gcás ar leith.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

## Roinn C — 120 marc

**Ceist 11**

Léigh an scéal thíos agus freagair an cheist ina dhiaidh.

Lá amháin nuair a bhí Peait ag siúl thar ghairdín chonaic sé seanfhear ag cur crann torthaí agus chuaigh sé sall chun comhrá a dhéanamh leis. D'fhiafraigh Peait den gharraíodóir: "Cé chomh fada agus a bheidh sé go dtí go mbeidh an crann lánfhásta agus go mbeidh torthaí air?" "Timpeall 7 mbliana" a dúirt an garraíodóir. "Sa ghairdín seo fuair mé crainn torthaí lánfhásta a chuir mo sheanathair sula raibh mise anseo. Ar an gcaoi chéanna ar chuir mo sheanathair iad domsa, tá an crann seo á chur agamsa do na daoine a bheidh anseo i mo dhiaidh."



Ó do léamh ar an scéal thuas, mol cúis **amháin** ar chuir an garraíodóir an crann torthaí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

**(a)** Bíonn cúram don domhan mar spreagadh i mórán teagasc reiligiúnach –

**A** Ahimsa

**B** Gníomh Ceart

**C** Maoirseacht an Chruthaithe

**D** Tikkun Olam

**E** Leasionadaithe an Domhain

Meaitseáil ceann amháin de na teagasca reiligiúnacha thuas leis an reiligiún is mó a luaitear leis ón liosta seo a leanas: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, Ioslam, nó An Giúdachas.

| Teagasc Reiligiúnach (Scríobh an litir thíos do theagasc reiligiúnach **amháin** a thugtar thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(b)** Déan cur síos ar shampla den chaoi a gcuirtear cúram don domhan chun cinn i dteagasc reiligiúin **amháin** ón liosta seo:



An Búdachas | An Chríostaíocht | An Hiondúchas | Ioslam | An Giúdachas

| Reiligiún: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |



**Ceist 13**

**(a)** Léigh an tuairisc thíos agus freagair an cheist ina dhiaidh.




Tar éis dó a fháil amach go raibh a shláinte ag meath leis an ngalar néarón luadrach, theastaigh ón iriseoir Éireannach, Charlie Bird, feasacht a mhúscailt ar na deacrachtaí fisiciúla agus meabhracha a bhíonn roimh dhaoine a bhfuil an galar orthu in aghaidh an lae. Chinn sé airgead a bhailiú do Chumann Galar Néarón Luadrach na hÉireann agus do sheirbhísí meabhairshláinte Pieta agus dhreap sé Cruach Phádraig, Contae Mhaigh Eo, i mí Aibreáin 2022. Tharraing an feachtas 'Dreap le Charlie' an méid sin airde ar na carthanachtaí a bhí i gceist gur ghlac daoine páirt in imeachtaí comhchosúla le hairgead a bhailiú ar fud na hÉireann agus i dtíortha eile ar nós na hAfraice Theas agus na hAstráile. Laistigh de mhí thiomsaigh an feachtas beagnach 2.75 milliún euro le haghaidh na gcarthanachtaí a bhí i gceist.

Ó do léamh ar an tuairisc thuas, críochnaigh na habairtí seo a leanas agus úsáid na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

| Mí Aibreáin 2022 | Cruach Phádraig | ~~Galar~~ | Airgead | 2.75 Milliún euro |
|---|---|---|---|---|

| |
|---|
| Theastaigh ó Charlie Bird feasacht a mhúscailt ar an … ngalar néarón luadrach |
| Chinn sé … a bhailiú |
| Dhreap Charlie Bird … |
| Tharla 'Dreap le Charlie' i … |
| Laistigh de mhí thiomsaigh an feachtas beagnach … |

**(b)** Déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi a n-oibríonn eagraíocht neamhreiligiúnach chun folláine na ndaoine uile ar domhan a chur chun cinn sa lá atá inniu ann.

| Eagraíocht Neamhreiligiúnach: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 14**

**(a)** Áit is ea Cruach Phádraig a mbaineann tábhacht reiligiúnach leis do phobal creidimh in Éirinn.
Ainmnigh áit áirithe **eile** in Éirinn a mbaineann tábhacht reiligiúnach leis do phobal creidimh atá luaite le ceann amháin de na reiligiúin thíos:



An Búdachas An Chríostaíocht An Hiondúchas Ioslam An Giúdachas

| Reiligiún: |
|---|
| Ainm na háite: |
| |
| |

**(b)** Mínigh an fáth a mbaineann tábhacht reiligiúnach le háit áirithe in Éirinn do phobal creidimh.

| |
|---|
| Ainm na háite: |
| Pobal creidimh: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 15**

**(a)** Léigh an cuntas thíos agus freagair an cheist ina dhiaidh.



Beidh cuimhne go deo agam ar an Aoine sin i mí Iúil 2020, nuair a bhailigh dhá chéad ball den phobal Ioslamach i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha d'fhéile Id al-Adha de bharr an ghá a bhí le scaradh sóisialta le linn Covid. Bhí an teacht le chéile i bPáirc an Chrócaigh don fhéile seo an-speisialta domsa mar bhí mé díreach tar éis foghlaim conas iománaíocht a imirt agus is breá liom a bheith páirteach sa spórt sin. Nuair a bhailíomar ar pháirc na himeartha do Id al-Adha, smaoinigh mé ar na heispéiris mhaithe a bhí agam le linn na bliana sin agus ghlac mé buíochas le Allah as ucht na mbeannachtaí go léir i mo shaol.



Ó do léamh ar an gcuntas thuas críochnaigh na habairtí seo a leanas agus na focail ón mbosca thíos á n-úsáid agat. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Allah | Covid | Páirc an Chrócaigh | Eispéiris | Id al-Adha | ~~mí Iúil 2020~~ |

| |
|---|
| Beidh cuimhne go deo agam ar an Aoine sin i … mí Iúil 2020 |
| De bharr an ghá a bhí le scaradh sóisialta le linn … |
| Bhailigh an pobal Ioslamach le chéile i … i mBaile Átha Cliath |
| Nuair a bhailíomar ar pháirc na himeartha do … |
| Smaoinigh mé ar na … mhaithe |
| Ghlac mé buíochas le … |

**(b)** Déanann baill den phobal Ioslamach comóradh ar fhéile Id al-Adha gach bliain.
Ainmnigh féile reiligiúnach eile a ndéanann baill de na reiligiúin seo a leanas í a chomóradh gach bliain: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, Ioslam nó An Giúdachas.

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Féile Reiligiúnach: |
| |




**(c)** Mínigh **dhá** chúis a ndéanann baill de reiligiún comóradh ar an bhféile reiligiúnach a d'ainmnigh tú i gcuid (b) thuas.

**1.**

**2.**

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhánna ar lch 3: An Chéad Phictiúr: https://www.thisisanfield.com/2022/04/jurgen-klopp-clears-up-mo-salah-contract-claim-the-decisive-parties-are-talking.
An Dara Pictiúr: https://www. frontproofmedia.com/boxing/katie-taylor-im-going-to-hold-on-to-every-one-of-those-belts-for-as-long-as-i-can.

Íomhánna ar lch 4: An Chéad Phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.
An Dara Pictiúr: https://www2.naz.edu/hickey-center-interfaith-studies-dialogue/programs/academic-conferences/sacred-texts-human-contexts.

Íomhánna ar lch 5: An Chéad Phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.
An Dara Pictiúr: https://tebeth.wordpress.com/2014/02/18/jumping-into-fathers-arms.

Íomhá ar lch 6: https://quickguideforyou.com/development-planning-meaning-or-definition.

Íomhánna ar lch 7: An Chéad Phictiúr: https://www.eaie.org/blog/3-steps-influence-policy.html.
An Dara Pictiúr: https://www.copyright alliance.org/copyright-and-social-justice-event-highlights-importance-of-equal-access-to-the-benefits-of-copyright.

Íomhánna ar lch 10: An Chéad Phictiúr: https://www.ministrymatters.com/all/entry/1272/starting-a-youth-choir-and-going-on-tour.
An Dara Pictiúr: Softkey Multimedia Inc.
An Tríú Pictiúr: Cliparting.com.

Íomhánna ar lch 11: An Chéad Phictiúr: https://muslimvillage.com/2016/02/11/116688/nz-muslim-women-serve-the-homeless.
An Dara Pictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.

Íomhá ar lch 12: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.

Íomhánna ar lch 13: An Chéad Phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.
An Dara Pictiúr: https://mentalflow.co/mentalhealth/2021/3/9/4-proven-ways-to-overcome-adversity-al5ny.
An Tríú Pictiúr: https://community.today.com/parentingteam/post/my-child-is-being-bullied-at-school-what-now.

Íomhá ar lch 14: https://www.vectorstock.com/royalty-free-vector/hand-business-man-pushing-dominoes-vector-34517036.

Íomhá ar lch 17: https://www.wonderopolis.org/wonder/does-all-fruit-grow-on-trees.

Íomhánna ar lch 18: An Chéad Phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.
An Dara Pictiúr: https://acireland.ie/emerging-christianity/8464689-happy-children-taking-care-of-planet-earth-with-love.
An Tríú Pictiúr: https://imnda.ie/climb-with-charlie.

Íomhá ar lch 19: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922.

Íomhánna ar lch 20: An Chéad Phictiúr: https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/eid-al-adha-at-home and-abroad-1.4318799.
An Dara Pictiúr: https://punditarena.com/features/mcorry/oloingsigh-muslim-hurling.

Íomhá ar lch 21: https://www.canva.com/design/DAFXvfGY5J4/bxzpnMWb56vrEAVJ92TfGg/edit.

**Téacsanna**

Téacsanna ar lch 3: An Chéad Téacs: Oiriúnaithe ó https://www.thisisanfield.com/2018/05/jurgen-klopps-superb-speech-at-football-writers-awards-is-an-absolute-must-read/; https://www.theguardian.com/football/ 2020/nov /11/jurgen-klopp-pre-match-routines-red-cards-liverpool-documentary; https://www.legit.ng/1241267-liverpool-tottenham-jurgen-klopp-respects-religion-players-fasting.html.
An Dara Téacs: Oiriúnaithe ó https://www.irishcatholic.com/society-is-not-open-to-faith-in-god-katie-taylor/#:~:text=Society%20is%20not%20open%20to%20faith%20in%20God, of%20faith %2C%20she%20said%20%E2%80%9Cit%E2%80%99s%20not%20something%20.

Téacs ar lch 17: Oiriúnaithe ó https://spirit of trees.org/honi-and-the-carob-tree.

Téacs ar lch 18: Oiriúnaithe ó ailt an *Irish Independent* 'Charlie Bird says fundraising appeal has now raised 2.7 million as he asks public to contribute photos for book' le Laura Lynott, an 17ú Aibreán 2022 agus 'Charlie Bird pledges to help others for as long as he can' le Nicola Anderson, 7ú Bealtaine 2022.

Téacs ar lch 20: Oiriúnaithe ó https://www.rte.ie/news/2020/0731/1156594-eid-croke-park.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Oideachas Reiligiúnach

Dé Céadaoin 7 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:30